Comharthaí de dhóiteán simléir

- Tagann tromdheatach as dóiteán simléir.
- Féadfaidh gríos titim anuas as an simléar.
- Féadfar bladhmanna nó splancacha a fheiceáil ó bharr an tsimléir.
- Féadfar gleo callánach a chloisteáil.

Mura dtéitear i ngleic le dóiteán simléir, féadfaidh dóiteán tí teacht as!

Má bhriseann tine amach i do shimléar nó i do shorn

- Éalaigh.
- Glaoigh ar 112 nó 999 gan mhoill.
- Iarr an tSeirbhís Dóiteáin.
- Labhair go socair soiléir.
- Tabhair do sheoladh agus d'uimhir ghutháin. Más fón póca atá tú a úsáid, abair cén contae ina bhfuil tú.
- Ná croch suas an fón go dtí go ndéarfaidh an t oibritheoir leat é.
- Fan amuigh.

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, Éire
fón: +353 1 8882000 facs: +353 1 8882645
www.fireireland.ie firesafety@environ.ie

Sábháilteacht Dóiteáin Simléir agus Soirn

fire safety
Be on your guard

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

Suiteáil

- Ní foláir suiteálaí inniúil a fhostú chun soirn a shuiteáil agus ní foláir é a dhéanamh de réir Dhoiciméad Treorach Teicniúla J (Fearais Táirgthe Teasa) – Rialacháin Foirgníochta.
- Ba chóir dóthain spáis ó ábhair indóite a thabhairt timpeall ar an sorn agus ar an bpúir.
- Cinntigh go bhfuil aeráil leordhóthanach ann don sorn. Ná blocáil gaothairí/greillí aeir.

Cothabháil

- Bíodh do shimléar glanta agat go rialta.
- Déan deimhin de go ndéanann innealtóir inniúil seirbhísiú rialta ar aon soirn, coirí agus púireanna.

fire safety
Be on your guard

Úsáid

- ✔ Ná húsáid leachtanna inlasta chun tine a thosú.
- ✔ Ná dóigh dramhaíl tí riamh.
- ✔ Ná húsáid ach an breosla a mholtar do do shorn. Fothairge indóite tarrach d'adhmad nó de bhreoslaí iontaise is ea créasóid agus is féidir léi simléir agus púireanna a chalcadh agus is féidir le dóiteáin tosú dá barr – tagann laghdú ar an méid créasóide nuair a úsáidtear adhmad stálaithe.
- ✔ Úsáid sciath splancacha ionas nach dtitfidh splancacha ar an urlár.
- ✔ Faigh réidh leis an luaithreach sula gcuireann tú tús le tine nua trína shluaisteáil isteach i mbuicéad miotail a bhfuil barr miotail air. Ba chóir é seo a fhágáil taobh amuigh amach ó fhoirgnimh. Is féidir le luaithreach agus gríos fanacht te ar feadh cúpla lá agus ábhair indóite a lasadh.

Aláraim

- Ba chóir aláram aonocsaíde carbóin a shuiteáil i ngach teach ina bhfuil fearais dóite breosla, tinte oscailte san áireamh. Suiteáil ceann amháin i ngach seomra ina bhfuil sorn nó tine oscailte.
- Cuimhnigh nach leor é seo agus gur gá soirn, gaothairí, púireanna agus simléir a iniúchadh agus a chothabháil go rialta.
- Ba chóir aláraim dheataigh a shuiteáil i ngach seomra (ach amháin an seomra folctha agus an garáiste) chun do theach a chosaint go hiomlán. Suiteáil aláram teasa sa chistin.
- Tá sé ríthábhachtach aláraim dheataigh a shuiteáil sa halla agus ag ceann an staighre i ngach teach.
- Cinntigh gur féidir na haláraim a chloisteáil sna seomraí codlata.
- Déan tástáil ar na haláraim go rialta.